**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/315 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25 Deireadh Fómhair 2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205, (AE) 2016/592 agus (AE) 2016/1178 a mhéid a bhaineann leis an dáta óna ngabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid imréitigh le haghaidh cineálacha áirithe conarthaí**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialacháin Tharmligthe (AE) 2015/2205 ([2]), (AE) 2016/592 ([3]) agus (AE) 2016/1178 ([4]) ón gCoimisiún sonraítear, i measc nithe eile, na dátaí óna mbeidh éifeacht ag na hoibleagáidí imréitigh le haghaidh conarthaí a bhaineann le haicmí díorthach thar an gcuntar a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Rialacháin Tharmligthe sin. In Airteagal 3(2), an chéad fhomhír, pointe (a) de na Rialacháin Tharmligthe sin tá dátaí iarchurtha chur i bhfeidhm na hoibleagáide imréitigh le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar arna dtabhairt i gcrích idir contrapháirtithe atá ina gcuid den ghrúpa céanna agus i gcás ina bhfuil contrapháirtí amháin bunaithe i dtríú tír agus an contrapháirtí eile bunaithe san Aontas. Bhí gá leis na dátaí iarchurtha cur chun feidhme sin chun a áirithiú nach raibh na conarthaí díorthach thar an gcuntar sin faoi réir na hoibleagáide imréitigh sular glacadh gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(2) Go dtí seo, níor glacadh aon ghníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i ndáil leis an oibleagáid imréitigh. Maidir le cur i bhfeidhm na hoibleagáide imréitigh le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar arna dtabhairt i gcrích idir contrapháirtithe atá ina gcuid den ghrúpa céanna agus i gcás ina bhfuil contrapháirtí amháin bunaithe i dtríú tír agus an contrapháirtí eile bunaithe san Aontas gan an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a ghlacadh, bheadh tionchar díobhálach eacnamaíoch ag an gcur i bhfeidhm sin ar chontrapháirtithe an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm na hoibleagáide imréitigh maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar laistigh de ghrúpa le contrapháirtí tríú tír a chur siar tuilleadh.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Tharmligthe (AE) 2015/2205, (AE) 2016/592 agus (AE) 2016/1178 a leasú dá réir.

(4) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.

---

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imréitigh (IO L 314, 1.12.2015, lch. 13).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/592 ón gCoimisiún an 1 Márta 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imréitigh (IO L 103, 19.4.2016, lch. 5).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1178 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imréitigh (IO L 195, 20.7.2016, lch. 3).

(5) Is coigeartuithe teoranta ar an gcreat rialála atá ann cheana iad na leasuithe ar Rialacháin Tharmligthe (AE) 2015/2205, (AE) 2016/592 agus (AE) 2016/1178. I bhfianaise raon feidhme teoranta na leasuithe sin agus a phráinní atá an cás, bheadh sé thar a bheith díréireach do ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte nó anailísí poiblí a dhéanamh ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith leo. Mar sin féin d'iarr ESMA comhairle an Ghrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [5] agus chuaigh sé i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach.

(6) Chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh a luaithe is féidir, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205**

Sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) An 30 Meitheamh 2025 i gcás nach mbeidh cinneadh coibhéise glactha de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun críocha Airteagal 4 den Rialachán sin lena gcumhdaítear na conarthaí díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i dtaca leis an tríú tír ábhartha;".

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/592**

Sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/592, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) An 30 Meitheamh 2025 i gcás nach mbeidh cinneadh coibhéise glactha de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun críocha Airteagal 4 den Rialachán sin lena gcumhdaítear na conarthaí díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i dtaca leis an tríú tír ábhartha;".

*Airteagal 3*

**Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1178**

Sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1178, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) An 30 Meitheamh 2025 i gcás nach mbeidh cinneadh coibhéise glactha de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun críocha Airteagal 4 den Rialachán sin lena gcumhdaítear na conarthaí díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i dtaca leis an tríú tír ábhartha;".

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN